

Feidhm: **Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine cad iad na teangacha atá acu agus ag freagairt na ceiste sin**
Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine faoin eolas atá acu ar theangacha faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin
Ag labhairt faoi do chumas i dteangacha faoi leith

Bileog 13.1

- Scaip **Bileog 13.1** ar an rang. Abair leo féachaint ar an liosta de na tíortha san Aontas Eorpach agus gur féidir teanga na dtíortha úd a chumadh nuair a chuirtear ‘is’ leis an tír féin. Iarr orthu na teangacha a chumadh le chéile tar éis dóibh féachaint ar an sampla faoin Fhrainc.

Freagraí:

An Danmhairg	<i>An Danmhairgis</i>
An Eastóin	<i>An Eastóinis</i>
An Fhionlainn	<i>An Fhionlainnis</i>
An Fhrainc	<i>An Fhraincis</i>
An Ghearmáin	<i>An Ghearmáinis</i>
An Ghréig	<i>An Ghréigis</i>
An Iodáil	<i>An Iodáilis</i>
An Liotuáin	<i>An Liotuáinis</i>
Málta	<i>An Mháltais</i>
Poblacht na Seice	<i>An tSeicis</i>
An Pholainn	<i>An Pholainnis</i>
An Phortaingéil	<i>An Phortaingéilis</i>
An tSlóivéin	<i>An tSlóivéinis</i>
An tSlóvaic	<i>An tSlóvaicis</i>
An Spáinn	<i>An Spáinnis</i>
An tSualainn	<i>An tSualainnis</i>
An Ungáir	<i>An Ungáiris</i>

- Caithfidh siad ansin na teangacha a labhraítear sna tíortha sa bhosca ar dheis a aimsiú.

Freagraí:

An Bheilg	<i>An Fhraincis, An Ollainnis, An Ghearmáinis</i>
An Chipir	<i>An Ghréigis</i>
Éire	<i>An Ghaeilge/An Béarla</i>
An Ísiltír	<i>An Ollainnis</i>
An Laitvia	<i>An Laitvis</i>
Lucsamburg	<i>An Lucsamburiginis, An Fhraincis, An Ghearmáinis</i>
An Ostair	<i>An Ghearmáinis</i>
An Ríocht Aontaithe	<i>An Béarla</i>



- Míniú don rang go mbíonn teangacha baininsneach de ghnáth agus gurb é *an Béarla* an eisceacht.

- Iarr ar gach beirt a machnamh a dhéanamh ar na bealaí éagsúla atá ann sa Ghaeilge le cumas teanga a chur in iúl. Bíodh na cinn thíos seo ar a laghad acu.

Níl Gearmáinis agam. (-)

Tuigim an Ghearmáinis.

Tá beagáinín Gearmáinise agam.

Is féidir liom an Ghearmáinis a thuiscint go measartha.

Tá mé ábalta an Iodáilis a labhairt go maith.

Tá Spáinnis mhaith agam.

Tá Spáinnis ar mo thoil agam.

Tá Spáinnis líofa agam. (+)

- Déan druil leis an rang ag úsáid na bhfrásaí thuas. Cuir an cheist – *Cad iad na teangacha atá agat?* – ar gach duine sa rang.
- Inis dóibh go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip agus go gcaithfidh siad na bearnaí sa bhosca a líonadh leis an eolas a chloisfidh siad ar an téip.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ar fad.
- Tabhair seans dóibh an cheist – *Cad iad na teangacha atá agat?* – a chur ar a chéile.
- Éist thusa leis na teangacha atá ag gach duine sa rang. Bí cinnte go bhfuil siad in ann iad a rá agus a litriú mar is ceart.

Feidhm: Ag cur tuairimí in iúl faoi fhoghlaim teangacha

Bileog 13.2 agus Bileog 13.3A agus B

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 13.2** orthu. Tabhair seans do gach beirt an ghramadach a phlé.
- *Bhí Gearmáinis mhaith agam* – Tá an abairt san aimsir chaite. Tá séimhiú ar an aidiacht ‘**maith**’ mar go leanann sé ainmfhocal atá baininsneach, ‘**Gearmáinis**’. Tá plé déanta ag an rang ar inscne an fhocail roimhe seo. Míniú don rang go mbíonn séimhiú ar an aidiacht a dhéanann cur síos ar an teanga mar go mbíonn na teangacha baininsneach de ghnáth.

Ach bí san airdeall:

Gearmáinis mhaith, Fraincis mhaith, Spáinnis mhaith etc.

Ach

Béarla maith.

- Iarr ar gach beirt na focail sa bhosca a chur in abairtí ansin. Níl sa chleachtadh seo ach súil siar agus tuilleadh cleachtaidh - mar shampla:


Tá mé ag foghlaim Gaeilge faoi láthair.

Tá rud beag Spáinnise agam.



Tuigim an Iodáilis go maith.

Tá mé in ann Fraincis a scríobh.

*Tá blas maith Fraincise aige.
Tá tuiscint agam ar an teanga.*

- Abair leo ansin féachaint ar na haidiachtaí sa chiorcal. Pléigh thusa na haidiachtaí le gach duine tar éis tamaill. Bí cinnte go bhfuil an fhuaim cheart acu chomh maith.
-  Míneigh dóibh go mbíonn séimhiú tar éis **an-** i gcónaí ach amháin ar ghuta agus ar fhocail a thosaíonn le **d, t, l, s, n**. Bíonn séimhiú tar éis **ró** chomh maith ach amháin ar ghutaí. Ní bhíonn fleiscín tar éis **ró** ach amháin má thosaíonn an focal le guta.


*an-chasta, róchasta
an-mhaith, rómhaith
an-deacair, ródheacair
an-doiléir, ródhoiléir
an-éasca, ró-éasca
an-fhurasta, rófhurasta
an-rómánsúil, ró-rómánsúil
an-difriúil, ródhifriúil
an-soiléir, róshoiléir*

-  Seans atá anseo do na foghlaimoirí machnamh a dhéanamh ar a gcumas teanga féin. Déan plé leis an rang ar fad faoi fhoghlaim teangacha.
- Iarr orthu ansin píosa cainte a dhéanamh le gach duine sa rang ar theangacha. Tá na habairtí sa bhosca ann le treoir a thabhairt dóibh.
- Bí thusa thart le cuidiú leo le stór focal ar bith a bheadh de dhíth orthu.
-  Súil siar atá anseo ar an chaint indéach. Iarr orthu na bearnaí a líonadh sna habairtí:

Freagraí:

*Feictear dom nach **bhfuil** an Ghaeilge chomh deacair leis an Iodáilis.
Is í mo thuairim go **gcaithfidh** tú dul go dtí an tír.
Ceapaim go **mbeidh** an rang Gaeilge ar siúl anocht.
Sílim go **gcuirtear** an iomarca béime ar an scríobh.*

- Bíodh cóipeanna déanta agat de **Bhileog 13.3A** do leath an ranga agus cóipeanna de **Bhileog 13.3B** don leath eile.
- Tabhair **Bhileog 13.3A** do dhuine den bheirt agus **Bhileog 13.3B** don duine eile.
- Míneigh dóibh gur eolas atá anseo faoi acmhainní atá ar fáil le cuidiú le foghlaim na teanga taobh amuigh den rang. Bhí an t-eolas ar fáil ar www.gaeilge.ie.
- Léigh tríd na treoracha leo ansin.
- Tá orthu an chéad alt a léamh amach os ard le chéile. Léigh thusa an chéad alt leis an rang ar fad ansin.
- Tar éis an chéad alt a bheith léite, beidh ar dhuine A an dara halt a léamh os ard don duine eile, agus beidh ar an duine sin na pointí is tábhachtaí a bhreacadh síos.

- Ansin beidh ar dhuine B an tríú halt a léamh amach os ard don duine eile agus beidh ar an duine sin na pointí is tábhachtaí a bhreacadh síos.
 - Léigh thusa alt 2 agus 3 os ard agus pléigh an stór focal leis an rang ar fad.
-  Iarr ar na foghlaimoirí plé a dhéanamh le chéile ar na moltaí atá díreach léite acu faoi fhoghlaim teanga.

Feidhm: Ag déanamh comparáide idir teangacha

Bileog 13.4

- Míniú don rang go mbeidh siad ag éisteacht le Pól Mac Gearailt ag labhairt faoi na teangacha atá aige.
- Scaip **Bileog 13.4** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Abair leo go gcaithfidh siad an fhoirm cheart den aidiacht a chur sna bearnaí sa script.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus pléigh na haidiachtaí leis an rang.
- Nuair atá an fhoirm cheart den aidiacht faighte ag gach duine cuir an téip ar siúl uair amháin eile.
- Déan plé agus druil leis an rang ar an cheist seo – *Cé acu is fearr leat . . ?* Cuir tú féin ceisteanna ar dhaoine sa rang ag úsáid samplaí nach teangacha iad - mar shampla:

Cé acu is fearr leat: na Beatles nó na Rolling Stones?


- Cuir ina seasamh iad ansin agus abair leo go gcaithfidh siad struchtúr na ceiste sa bhosca - *Cé acu is fearr leat: Madonna nó Britney Spears?* a chur ar gach duine sa rang. Míniú dóibh cúpla focal a scríobh síos le cuidiú leo an cheist a chur - mar shampla: *Cé acu is fearr leat: Baile Átha Cliath nó Gaillimh?*
- Abair leo chomh maith cur leis na freagraí an oiread agus is féidir - mar shampla: *B'fhearr liom Baile Átha Cliath mar go bhfuil sí an-ghnóthach agus is breá liom na siopaí inti.*
- Ansin cuir gach triúr le chéile agus tabhair tamall measartha fada dóibh leis na ceisteanna ag bun an leathanaigh a phlé le chéile.
- Pléigh thusa na ceisteanna leis an rang ar fad.

Feidhm: Ag labhairt faoi chúrsaí teanga
Ag lorg tuairimí agus ag cur tuairimí in iúl faoi chúrsaí/ranganna teanga
Ag cur ceisteanna faoi scrúdú agus ag freagairt ceisteanna faoin ábhar sin
Ag lorg cabhrach sa rang teanga

Bileog 13.5, Bileog 13.6 agus Bileog 13.7

- Scaip **Bileog 13.5** ar gach beirt.
- Leigh tríd na treoracha agus tabhair tamall dóibh na háiteanna sa bhosca a cheangal leis na háiteanna ar an léarscáil.

Freagraí:



1. Inis Meáin, Co. na Gaillimhe
2. Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí
3. Gort a' Choirce, Co. Dhún na nGall
4. An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
5. Baile Bhuirne, Co. Chorcaí
6. Baile an Bhuineánaigh, Co. Chiarraí
7. Carnlach, Co. Aontroma
8. Inis, Co. an Chláir
9. Béal Átha an Ghaorthaigh, Co. Chorcaí
10. An Rinn, Co. Phort Láirge
11. Gleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall
12. Oileán Chléire, Co. Chorcaí
13. Droichead Átha, Co. Lú
14. Gleann Maghair, Co. Chorcaí
15. Ráth Cairn, Co. na Mí
16. Cnoc an Dúin, Co. Chorcaí

-
- Pléigh na háiteanna Gaeltachta leis an rang ar fad.
- Déan plé ansin ar na háiteanna nach bhfuil sa Ghaeltacht:

Carnlach, Co. Aontroma

Inis, Co. an Chláir

Droichead Átha, Co. Lú

Gleann Maghair, Co. Chorcaí

Cnoc an Dúin, Co. Chorcaí

- Cuir gach triúr le chéile anois le plé a dhéanamh ar chúrsaí teanga agus na ranganna ar fhreastail siad orthu.
- Tabhair seans maith dóibh plé a dhéanamh ar na ceistanna seo agus bí thusa ag siúl thart le haon cheist a bheadh acu a fhreagairt.
- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang cur síos a dhéanamh duit ar rang oíche nó rang breise ar bith ar fhreastail siad orthu.
- Ceartaigh aon bhotún más gá.
- Sula gcuireann tú gach triúr arís ag obair ar an chleachtadh ag bun an leathanaigh cuir béim ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh agus teanga á foghlaim. Mínigh dóibh an tábhacht a bhaineann le bheith ábalta a ndeacrachtaí sa teanga a chur in iúl agus iad ag caint le daoine. Abair leo go bhfuil frásaí ar nós *gabh mo leithscéal, tá brón orm, ní thuigim etc.* an-tábhachtach agus iad ag déanamh dul chun cinn sa teanga. Mar sin, tá teanga an ranga thar a bheith tábhachtach.
- Cuir ag obair iad ansin agus pléigh thusa na habairtí, frásaí agus nathanna leo nuair a bheidh siad críochnaithe. Ba cheart go mbeadh na cinn seo acu ar a laghad:

Abair é sin arís, le do thoil. Cén Ghaeilge atá ar...? Cad é mar a deirtear... as Gaeilge? Cén fáth a bhfuil séimhiú/urú ansin?
--

- Bíodh cóipeanna déanta agat de **Bhileog 13.6A** do leath an ranga agus cóipeanna de **Bhileog 13.6B** don leath eile.
- Tabhair **Bhileog 13.6A** do dhuine den bheirt agus **Bhileog 13.6B** don duine eile.
- Mínigh dóibh gur píosa atá anseo ó scrúdú béil samplach Theastas Eorpach na Gaeilge.
- Téigh siar ar na míreanna atá mar chuid den scrúdú cainte ansin.
 - *Cuid 1: Comhrá ginearálta ag plé topaicí ó shiollabas B1.*
 - *Cuid 2: Beidh ar an iarrthóir cur síos a dhéanamh ar phictiúir do na scrúdaitheoirí. Beidh dhá nóiméad nó mar sin acu.*
- Is í Cuid 2 den scrúdú atá á plé anseo. Cuir gach beirt ina suí le chéile agus abair leo go mbeidh siad ag glacadh sealanna ról an iarrthóra agus ról an scrúdaitheora a dhéanamh. Beidh seans acu beirt mar sin cur síos a dhéanamh ar na pictiúir.
- Léigh na treoracha leo ansin agus tabhair go leor ama don bheirt acu an dá ról a ghlacadh.
- Ba cheart don duine a ghlacann ról an scrúdaitheora ceistanna breise a chur faoi na pictiúir chomh maith ar mhaithe le cleachtadh má cheapann sé/sí nach ndearna an duine eile cur síos beacht go leor ar na pictiúir.
- Pléigh aon deacracht a bhí acu.
- Cuir gach triúr ag obair ansin le plé a dhéanamh ar na ceistanna faoi scrúduithe.
- Freagair aon cheist atá acu faoi scrúduithe TEG.

- Tabhair **Bileog 13.7** don rang agus mínigh dóibh gur cleachtadh léitheoireachta atá ann. Iarr ar gach beirt an píosa a léamh amach os ard dá chéile an chéad uair.
- Ansin abair leo iarracht a dhéanamh brí an phíosa a fháil le chéile ag úsáid na gluaise ag bun an leathanaigh.
- Léigh thusa an píosa leis an rang ar fad agus déan plé ar an stór focal úsáideach ar fad atá le fáil ann.
- Tabhair seans do gach beirt ansin na ceisteanna ag bun an leathanaigh a phlé le chéile.
- Pléigh thusa na ceisteanna leis an rang ar fad.